2024/614

16.2.2024

CINNEADH (CBES) 2024/614 ÓN GCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 13 Feabhra 2024

maidir le glacadh le rannchuidiú ó thríú Stát le misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) (EUTM Somalia/1/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint Fhórsaí Slándála na Somáile ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh (CBES) 2010/96, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh leis na rannchuidithe atá beartaithe ó thríú Stáit le misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia).

(2) I gcomhréir leis an moladh ó Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia maidir le rannchuidiú atá beartaithe ó Phoblacht na Moldóive agus leis an gcomhairle a chuir Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh ar fáil ina leith sin, ba cheart glacadh leis an rannchuidiú sin agus a mheas gur rannchuidiú shuntasach é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Glactar leis an rannchuidiú ó Phoblacht na Moldóive le EUTM Somalia agus meastar gur rannchuidiú shuntasach é.

2. Tá Poblacht na Moldóive díolmhaithe ó ranníocaíochtaí airgeadais le buiséad EUTM Somalia.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach

([1]) IO L 44, 19.2.2010, lch. 16.